



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0323(COD)

12976/23
ADD 3

COMPET 873
MI 742
IND 467
ECOFIN 873
FIN 922
CODEC 1594
IA 225

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2023) 313 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 313 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 313 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 12.9.2023
SWD(2023) 313 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála**

{COM(2023) 533 final} - {SEC(2023) 313 final} - {SWD(2023) 312 final} -
{SWD(2023) 314 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú tionchair le haghaidh an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha (Treoir 2011/7/AE)
A. Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?
Déantar thart ar 18 mbilliún sonrasc a mhalartú gach bliain san Aontas Eorpach. Is é sin níos mó ná 500 sonrasc gach soicind agus íoctar beagnach 50 % díobh sin go déanach. Tá tionchar ag íocaíochtaí déanacha ar leachtacht agus intuarthacht sreafaí airgid, rud a mhéadaíonn riachtanais chaipitil oibre agus a chuireann isteach ar rochtain cuideachta ar mhaoiniú seachtrach dá réir sin. Mar thoradh air sin, déantar difear don fhás agus don iomaíochas, laghdaítear an táirgiúlacht, agus méadaítear an dóchúlacht go dtarlóidh iomarcaíochtaí agus féimheachtaí. Le hÍocaíochtaí déanacha, cuirtear isteach ar na slabhraí soláthair, toisc go gcuirtear an mhoill íocaíochta ar aghaidh chuig soláthróirí. Tá tionchar mór ag na héifeachtaí diúltacha sin ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bhíonn ag brath ar shruthanna intuartha airgid. Tá éifeachtaí sóisialta díobhálacha ag íocaíochtaí déanacha freisin. Tá roinnt earnálacha níos leochailí ná earnálacha eile maidir le hÍocaíocht dhéanach. Mar shampla, an earnáil tógála. Baineann bunchúis na n-íocaíochtaí déanacha le héagothroime sa chumhacht margála idir soláthróir beag agus cliant mór, ós rud é gur foirm tharraingteach de mhaoiniú saor ó chostas don fhéichiúnaí í íocaíocht dhéanach. I measc cúiseanna na faidhbe tá bearta coisctheacha neamhleora, díspregthaí mí-oiriúnacha, agus sásraí neamhleora forfheidhmithe agus sásaimh.
Cad é ba cheart a bhaint amach?
Cuspóirí ginearálta: A. iomaíochas agus fás cuideachtaí a neartú trí fheabhas a chur ar smacht íocaíochta na n-údarás poiblí, gnólachtaí móra, agus na FBManna; B. FBManna a chosaint ar éifeachtaí diúltacha na n-íocaíochtaí déanacha trí rialacha a leagan síos lena gcuirtear íocaíocht chothrom thráthuil in idirbhearta tráchtála chun cinn. Cuspóirí sonracha: 1) chun íocaíocht dhéanach a chosc; 2) chun íocaíochtaí tráthúla a éascú; 3) chun cuideachtaí a chumhachtú agus tuilleadh cothroime in idirbhearta tráchtála a áirithiú.
Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?
Le 30 bliain anuas, tá an tAontas ag tabhairt aghaidh ar íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála. Leis an tionscnamh seo, athbhreithnítear reachtaíocht an Aontais atá ann cheana (Treoir 2011/7/AE) agus dá bhrí sin is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir é a dhéanamh. Ghlac roinnt Ballstát rialacha atá níos déine ná na rialacha a leagtar amach sa Treoir. Mar shampla, uasteorainn a chur le téarmaí íocaíochta in idirbhearta gnólacht le gnólacht nuair is FBM é an creidiúnaí agus comhlachtaí forfheidhmithe a chur ar bun. Chun margadh aonair AE míchothrom a sheachaint. is gá a áirithiú go gcuirfear na rialacha i bhfeidhm ar an mbealach céanna.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha ab fhearr ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth?
Rogha Beartais 1: chun íocaíocht dhéanach a chosc Tá sé d'aidhm ag bearta beartais faoin rogha seo cosc a chur ar íocaíochtaí déanacha trí téarmaí íocaíochta córa a áirithiú. Socraítear na téarmaí íocaíochta uasta, agus i gcás an nós imeachta fíoraithe chun comhlíonadh cheanglais an chonartha a sheiceáil freisin. Áirítear freisin forálacha lena gcuirtear oiliúint maidir le bainistíocht creidmheasa agus litearthacht airgeadais

ar fáil do FBManna.

Rogha Beartais 2: chun íocaíochtaí tráthúla a éascú

Tá sé d'aidhm ag bearta beartais faoin rogha seo aghaidh a thabhairt ar íocaíochtaí déanacha trí fhorfheidhmiú na rialacha a neartú agus trína áirithiú go n-urramaítear téarmaí íocaíochta. Díspreagthaí na Treorach atá ann faoi láthair, go háirithe an teidlíocht i ndáil le hús ar íocaíocht dhéanach agus an cúiteamh de réir buntáille, déantar níos éifeachtaí iad trí ús ar íocaíochtaí déanacha a dhéanamh éigeantach agus trí chúiteamh de réir buntáille a mhéadú. Tá an teidlíocht ina príomhspreagadh d'fhadhb na n-íocaíochtaí déanacha. Dá bhrí sin, tá éagsúlachtaí idir na roghanna a measúnaíodh de réir na gcumhachtaí a thugtar do chomhlacht náisiúnta arna ainmniú ag Ballstáit an Aontais. Áirítear ar an rogha sineirgí le soláthar poiblí freisin chun fochonraitheoirí i gconarthaí oibre poiblí a chosaint.

Rogha Beartais 3: chun sásraí sásaimh a neartú, coinníollacha córa íocaíochta a áirithiú agus cuideachtaí a chumhachtú

Le bearta beartais faoin rogha seo, cuirtear cothroime agus infhaighteacht sásraí éifeachtacha sásaimh chun cinn mura gcomhlíontar coinníollacha íocaíochta. Beidh ar na Ballstáit uirlisí idirghabhála a bhunú a mbeidh rochtain éasca ag FBManna orthu agus lena dtabharfar aghaidh ar théarmaí agus cleachtais éagóracha conarthacha trína ndlí náisiúnta.

An rogha beartais ab fhearr. Tá tairbhí féideartha ag baint le gach rogha ach tá roinnt rioscaí ag baint leo freisin nuair a chuirtear chun feidhme iad ina n-aonar. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú tionchair gurb é atá sa bhealach ab fhearr chun cinn pacáiste de na bearta is éifeachtaí agus is éifeachtúla faoi na trí rogha beartais. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú tionchair freisin gurb é rialachán an fhoirm is fearr den ghníomh dlíthiúil.

An pacáiste beartais ab fhearr: 1a+2a+3b

- Uasteorainn 30 lá a chur le hamanna íocaíochta in idirbhearta gnólacht le gnólacht.
- Cuirfear uasteorainn 30 lá leis an nós imeachta fíoraithe nó glactha (gan mhaolú).
- Éascóidh na Ballstáit infhaighteacht na hoiliúna maidir le bainistíocht creidmheasa agus litearthacht airgeadais, lena n-áirítear uirlisí íocaíochta digití do FBManna.
- Beidh ús ar íocaíocht dhéanach uathoibríoch (deireadh leis an gcoincheap 'teidlíochta'), déanfar an lá deiridh chun ús a fhabhrú a shoiléiriú.
- Beidh cúiteamh de réir buntáille dlite i gcás gach idirbheart a íocfar go déanach agus ardófar go EUR 50 é chun bheith ag teacht leis an mboilsciú.
- Ainmneoidh na Ballstáit comhlachtaí a bheidh freagrach as an dlí a fhorfheidhmiú, as imscrúduithe a dhéanamh ar a dtionscnamh féin nó trí ghearáin, a chumhachtófar chun smachtbhannaí riaracháin a eisiúint agus ainmneacha na gciontóirí a fhoilsiú. Uirlisí digiteacha a úsáid ar mhaithe le forfheidhmiú níos éifeachtaí.
- I gconarthaí oibreacha poiblí, ní mór d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha a sheiceáil go ndéanfar íocaíocht leis an bpríomhchonraitheoir a chur ar aghaidh chuig na fochonraitheoirí díreacha.
- Cuirfidh na Ballstáit córas náisiúnta idirghabhála ar bun chun díospóidí íocaíochta in idirbhearta tráchtála a réiteach.
- Tabharfaidh na Ballstáit aghaidh ar an gceist maidir le téarmaí agus cleachtais éagóracha conarthacha trína ndlí náisiúnta.

Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo? Torthaí na gcomhairliúcháin: 939 bhfreagra ar phainéal FBM, 117 bhfreagra ar an gcomhairliúchán poiblí, 137 bhfreagra ar an nglao ar fhianaise, roinnt cruinnithe le páirtithe leasmhara. Tacaíonn beagnach 83 % de phainéal FBM agus 36,7 % d'fhreagróirí sa chomhairliúchán poiblí le huasteorainn a chur le téarmaí íocaíochta, agus b'fhearr leo 30 lá. Tá líon teoranta comhlachas gnó i gcoinne uasteorainn a chur i bhfeidhm, agus/nó iarann siad eisceachtaí earnála. Dheimhnigh beagnach 81 % de fhreagróirí FBM nach n-íoctar úis ná táillí cúitimh riamh. Mheas 84 % de fhreagróirí FBM go mbeadh bunú comhlachtaí forfheidhmithe úsáideach nó an-úsáideach. D'aontaigh beagnach 60 % de fhreagróirí an chomhairliúcháin phoiblí gur cheart d'údarais phoiblí sásraí a chur i bhfeidhm chun a sheiceáil go n-íocann príomhchonraitheoirí a bhfochonraitheoirí in am. Fuarthas freagraí dearfacha sa ghlaao ar fhianaise agus sa chomhairliúchán poiblí araon maidir le córas idirghabhála náisiúnta a bhunú.
C. Tionchair na rogha beartais ab fhearr
Céard iad tairbhí na rogha? Ar leibhéal comhiomlán, rachaidh an tionchar chun tairbhe do ghnólachtaí. Le hamanna laghdaithe íocaíochta, a mheastar a bheith 35 %, déanfar an sreabhadh airgid a shaoradh agus cuirfear feabhas ar intuarthacht na n-íocaíochtaí. Is lú seans go mbeidh ar ghníomhaithe margaidh beaga dul i ngleic le téarmaí éagóracha íocaíochta agus beidh modhanna éifeachtacha sásaimh acu nuair a bheidh íocaíochtaí déanacha i ndán dóibh. Laghdófar go mór costais an dua a bhaineann le dul sa tóir ar fhéichiúnaithe (meastar go bhfuil 340,2 milliún daonair i gceist, arb ionann é sin agus EUR 8,74 billiún). Dá gcuirfí idirghabháil ar bun, bheadh cuideachtaí in ann EUR 27 milliún a shábháil i gcásanna cúirte arna seachaint in aghaidh na bliana. Leis an tionscnamh sin, méadaítear cothroime sa chaidreamh gnó freisin. Baineann údarais phoiblí tairbhe as córais idirghabhála, go díreach, más mian leo díospóid le soláthróir a réiteach, agus go hindíreach tríd an ualach ar an gcóras breithiúnach a laghdú. Ar an iomlán, laghdaítear íocaíochtaí déanacha de thoradh sin, rud a chiallaíonn go mbíonn níos lú féimheachtaí agus costais ghaolmhara i ndán don airgead poiblí. Ní dhéantar difear díreach do thomhaltóirí leis an tionscnamh sin.
Céard iad costais na rogha beartais ab fhearr (gnólachtaí agus údarais phoiblí)? Is costais aonuaire iad formhór na gcostas a mbeidh gach gnólacht thíos leo. Áirítear orthu sin sonraise chaighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta chun téarmaí nua íocaíochta agus táillí cúitimh coigeartaithe a léiriú, agus meastar gurb é EUR 243 mhilliún atá i gceist leis sin. Is iad féichiúnaithe a íocann go déanach faoi láthair a íocann costais athfhillteacha den chuid is mó: íocaíocht uathoibríoch úis agus cúitimh (méadaithe), táillí riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann, agus cailleanas creidmheasa gan dua nuair a chuirtear iallach orthu íoc in am. Is féidir na costais sin a sheachaint go hiomlán má íocann féichiúnaithe in am. Is cosúil go bhfuil na costais a bhaineann le hairgead poiblí teoranta agus comhréireach. Bheadh roinnt costas ar údarais phoiblí chun na comhlachtaí forfheidhmithe agus idirghabhála a ainmniú agus a reáchtáil. Meastar go bhfuil EUR 70-105 mhilliún i gceist leis na costais sin in aghaidh na bliana do 27 mBallstát an Aontais (EUR 60-65 mhilliún le haghaidh na gcomhlachtaí forfheidhmithe agus EUR 10-40 milliún le haghaidh seirbhísí idirghabhála).
Cén tionchair a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíocht?
Tionchair ar FBManna: Déantar an tionscnamh sin a aicmiú mar thionscnamh 'an-ábhartha' leis an scagaire FBM.

Thacaigh FBManna i bpainéal FBM agus sa chomhairliúchán poiblí leis an rogha ab fhearr. Cé go mheastar go mbainfidh gach FBM tairbhe as an tionscnamh, is iad micri-FBManna, atá níos neamhchosanta ar an bhfadhb, a bhainfidh tairbhe níos mó as. Ón taobh **creidiúnaithe** de, cuireann íocaíochtaí déanacha cosc ar chuideachtaí fás agus cuirtear iallach orthu acmhainní a chur amú, is é 5-10 % den obair riaracháin iomlán ar an meán a chaitear ar dhul sa tóir ar fhéichiúnaithe. Is am é sin a d'fhéadfadh FBManna úsáid ar bhealach níos táirgiúla, mar shampla, chun oiliúint a fháil nó chun deiseanna nua gnó a lorg.

Ón taobh **féichiúnaithe** de, a mhó a bhíonn an chuideachta, is mó an seans go n-íocann sí go déanach. Ar an meán, meastar go mbainfidh thart ar 41 % de FBManna tairbhe as uasteorainn 30 lá a chur le téarmaí íocaíochta. Meastar go mbeidh éifeachtaí níos leithne i ndán do mhicrifhiontair (50 %) agus d'fhéadfadh suas le 66 % de FBManna tairbhe a bhaint as uasteorainn 30 lá a chur leis an nós imeachta fíoraithe. Má bheidh íocaíocht úis agus táillí cúitimh éigeantach, cuirfear feabhas ar an staid reatha, áit nach bhfaigheann 81 % de FBManna agus 93 % de mhicrifhiontair an cúiteamh sin faoi láthair. Le rialacha forfheidhmiúcháin níos láidre, cuirfear feabhas ar fheidhmíocht íocaíochtaí. Beidh tionchar dearfach ag bearta a thacaíonn le fochonraitheoirí i gconarthaí oibre poiblí ar FBManna (ar an meán, cuirtear 80 % de luach tionscadail mhóir tógála ar fochonradh do FBManna). Le córas idirghabhála náisiúnta, beidh tairbhí airgeadúla i ndán do na gnólachtaí sin a bhíonn ag brath faoi láthair ar dhlíthíocht chúirte, agus beidh réitigh díospóidí níos tapúla i ndán do na gnólachtaí sin nach dtéann chun na cúirte faoi láthair chun fiachas neamhíochta a aisghabháil.

Tionchair ar iomaíochas: Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag an rogha ab fhearr ar phraghas/costas agus ar iomaíochas na nuálaíochta. Nuair a bhíonn sreabhadh airgid comhiomlán méadaithe sa gheilleagar, bíonn níos mó leachtachta ag gnólachtaí chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht nó chun laghdúithe costais a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Tá athdháileadh na leachtachta sa gheilleagar níos cothroime toisc go n-íocann gach gnólacht as an leachtacht a theastaíonn uathu agus a úsáideann siad. Bheadh na coinníollacha maidir le gnó a dhéanamh níos intuatha, rud a d'fhágfadh go mbeadh timpeallacht ghnó níos fabhraí ann.

Maidir le hiomaíochas idirnáisiúnta, is dócha go mbeidh neamhréireanna i ndán do chuideachtaí a dhéanann allmhairiú nó onnmhairiú maidir le fad na dtéarmaí íocaíochta (idir a gcuntais iníochta agus infhála). Tugann soláthróirí airgeadais trádála aghaidh ar na rioscaí a mheastar a bhaineann leis na neamhréireanna sin faoi dhálaí an mhargaidh (mar shampla, airgead i réamhíocaíocht, litir chreidmheasa). Ina theannta sin, cuirtear teorainn bhreise ar an riosca go ndéanadh gnólachtaí neamh-AE sladghearradh ar ghnólachtaí an Aontais trí théarmaí íocaíochta fada a thairiscint i margadh neamh-AE toisc go bhfuil rialacha maidir le híocaíochtaí déanacha i bhfeidhm ag roinnt mhaith tíortha comhpháirtíochta de chuid an Aontais, amhail Ceanada, na Stáit Aontaithe, an Tuirc agus an Ríocht Aontaithe.

An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?

Beidh tionchar ag na roghanna beartais uile ar fhostaíocht, ar chothroime sa chultúr gnó agus ar fholláine na bhfiontraithe. Ní bheidh tionchar díreach ag aon cheann de na roghanna beartais ar an gcomhshaol. Ní dhéanfar dochar mór don chomhshaol le haon cheann de na roghanna beartais.

Comhréireacht?

Comhlíontar prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta leis na roghanna beartais uile. Ní fhorchuirtear leo ach costais ar ghnólachtaí a bhfuil gá leo chun na cuspóirí a bhaint amach agus tugtar saoirse rogha do na Ballstáit leo (mar shampla, comhlachtaí forfheidhmithe a ainmniú, oiliúint maidir le bainistíocht creidmheasa agus bearta sásaimh a chur chun feidhme, cleachtais íocaíochta éagóracha a shainathint). Sainithnítear sa mheasúnú tionchair freisin na

roghanna a cuireadh i leataobh.

D. Obair leantach

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar thionchair an tionscnaimh 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na reachtaíochta nua. Le Faireachlann an Aontais maidir le hÍocaíochtaí agus tuarascálacha arna gcur le chéile ag na Ballstáit maidir lena dtionscnamh féin nó ag tríú páirtithe, tacófar leis an bpróiseas faireacháin le haghaidh an tionscnaimh sin.